Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2021
(OR. en)

7664/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0080(NLE)**

**AVIATION 67**
**RELEX 278**
**OC 5**
**TU 2**
**MED 7**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 154 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 154 final.

Faoi iamh: COM(2021) 154 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2021
COM(2021) 154 final

2021/0080 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Túinéise tugtha i gcrích le hidirbheartaíocht ag an gCoimisiún de réir mar a d’údaraigh an Chomhairle an 9 Nollaig 2008.

Tá aersheirbhísí idir an tAontas agus an Túinéis á n-oibriú faoi láthair ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha idir Ballstáit aonair agus an Túinéis.

Tá sé ina chuid de bheartas seachtrach eitlíochta an Aontais comhaontuithe cuimsitheacha maidir le haersheirbhísí a thabhairt i gcrích le hidirbheartaíocht le tíortha comharsanachta, i gcás inar léiríodh go mbeadh breisluach agus tairbhí eacnamaíocha ag gabháil leis na comhaontuithe sin. Tá an Comhaontú seo dírithe ar na haidhmeanna seo a leanas go háirithe:

- an margadh a oscailt de réir a chéile de réir a chéile ó thaobh rochtain ar bhealaí agus acmhainneachta de ar bhonn cómhalartachta;

- a áirithiú go ndéanfar cóineasú rialála agus go gcomhlíonfaidh an Túinéis an reachtaíocht de chuid an Aontais a bhfuil baint iarbhír aici le heitlíocht; agus

- a áirithiú go mbeidh neamh-idirdhealú agus cothrom iomaíochta ann d’oibreoirí eacnamaíocha.

### • Comhthéacs ginearálta

Leagtar amach cuspóir ginearálta sna treoracha idirbheartaíochta, mar atá comhaontú aeriompair cuimsitheach a thabhairt i gcrích le hidirbheartaíocht chun rochtain ar an margadh a oscailt de réir a chéile agus go cómhalartach, agus a áirithiú go ndéanfar cóineasú rialála agus go gcuirfear i bhfeidhm ceanglais agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh go héifeachtach.

I gcomhréir leis na treoracha idirbheartaíochta, chuir an dá pháirtí inisealacha le dréacht-Chomhaontú leis an Túinéis an 11 Nollaig 2017.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Cuid thábhachtach d’fhorbairt bheartas seachtrach eitlíochta an Aontais is ea Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta leis an Túinéis a thabhairt i gcrích agus is cuid ríthábhachtach é de bheartas comharsanachta an Aontais agus de chruthú Comhlimistéir Eitlíochta Eorpaigh níos leithne, de réir na tuairisce air sin i dTeachtaireacht COM (2005) 79 ón gCoimisiún maidir le caidreamh eitlíochta seachtrach agus i dTeachtaireacht COM (2012) 556 final ón gCoimisiún maidir le ‘Beartas Seachtrach Eitlíochta an Aontais - Aghaidh a Thabhairt ar Dhúshláin a Bheidh Ann’.

- **Comhsheasmhacht le forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Beidh tús áite ag forálacha an Chomhaontaithe ar fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe aersheirbhísí atá ann cheana idir na Ballstáit agus Poblacht na Túinéise. Mar sin féin, féadfar leanúint d'aerchearta a theachtadh atá ann faoi láthair agus a thagann as na comhaontuithe déthaobhacha sin agus nach bhfuil cumhdaithe faoin gComhaontú seo, ar choinníoll nach ndéanfar aon idirdhealú i gcoinne Ballstát ná a náisiúnach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 100(2) agus Airteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Beidh tús áite ag forálacha an Chomhaontaithe ar fhorálacha ábhartha na socruithe atá ann cheana a rinneadh Ballstáit aonair. Cruthaítear go comhuaineach leis an gComhaontú seo coinníollacha comhionanna aonfhoirmeacha maidir le rochtain ar an margadh a bheidh i bhfeidhm maidir le haeriompróirí uile an Aontais agus ag cur ar bun socruithe nua le haghaidh comhar agus cóineasú rialála idir an tAontas Eorpach agus an Túinéis. Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir na socruithe sin a dhéanamh mar go mbaineann roinnt réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

Is le gníomhaíocht de chuid an Aontais is fearr a ghnóthófar cuspóirí an togra, ar na cúiseanna seo a leanas.

Faoin gComhaontú is féidir na téarmaí ann a leathnú amach go comhuaineacht chuig na 27 mBallstát, agus na rialacha céanna á gcur i bhfeidhm gan idirdhealú agus le leas aeriompróirí uile an Aontais, cibé náisiúntacht atá acu. Beidh na hiompróirí sin in ann oibriú gan bhac ó aon phointe san Aontas Eorpach go haon phointe sa Túinéis, rud nach féidir faoi láthair.

Nuair a chuirfear deireadh de réir a chéile le srianta ar rochtain ar an margadh idir an tAontas agus an Túinéis, ní hamháin go dtarraingeofar gníomhaithe nua isteach sa mhargadh agus go gcruthófar deiseanna ar bheith ag oibriú chuig aerfoirt ar beag an freastal orthu, ach éascófar an comhdhlúthú idir aeriompróirí an Aontais chomh maith.

Leis an gComhaontú daingnítear rochtain d'aeriompróirí uile an Aontais ar dheiseanna tráchtála ar nós na ndeiseanna a bhaineann le seirbhísí láimhseáil ar an talamh, comhroinnt cód eitilte, idirmhódúlacht agus praghsanna a shocrú gan bhac.

- **Comhréireacht**

Bunófar Comhchoiste chun cúrsaí a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a phlé. Cothóidh an Comhchoiste sin malartuithe ar leibhéal na saineolaithe maidir le tionscnaimh nua reachtaíochta nó rialála agus dearcfaidh sé ar réimsí inar féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gComhaontú. Is éard a bheidh sa Chomhchoiste, ionadaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit.

Sa bhreis air sin, leanfaidh na Ballstáit de na cúraimí riaracháin traidisiúnta a dhéanann siad i gcomhthéacs an aeriompair idirnáisiúnta, ach is faoi réir rialacha a chuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach a dhéanfaidh siad sin feasta.

- **An rogha ionstraime**

Is le comhaontuithe idirnáisiúnta amháin is féidir caidreamh eitlíochta seachtrach a thabhairt i bhfeidhm.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, rinne an Coimisiún idirbheartaíocht i gcomhairle le coiste speisialta (Fóram Comhairleach). Chuathas i gcomhairle chomh maith leis an earnáil tionsclaíochta le linn na hidirbheartaíochta.

Cuireadh san áireamh tuairimí a nochtadh le linn an phróisis sin. D'fhíoraigh na Ballstáit lena mbaineann cruinneas na dtagairtí do chomhaontuithe aersheirbhísí déthaobhacha. Chuir earnáil na tionsclaíochta béim ar a thábhachtaí atá bunús fónta dlí dá n-oibríochtaí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níl sé infheidhme.

- **Measúnú tionchair**

Níl sé infheidhme.

- **Oiriúnacht Rialála agus simpliú**

Níl sé infheidhme.

- **Cearta bunúsacha**

Níl sé infheidhme.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Achoimre ar an gcomhaontú atá beartaithe**

Is éard atá sa Chomhaontú an príomhchomhlacht lena n-áirítear na croíphrionsabail agus na trí iarscríbhinn: Iarscríbhinn I maidir le forálacha idirthréimhseacha, Iarscríbhinn Ia maidir le foráil idirthréimhseach a bhaineann le hAerfort Idirnáisiúnta Thúinis agus na Cartaige agus Iarscríbhinn II maidir le rialacha de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an eitlíocht shibhialta.

Ó bhí 1 Eanáir 2021 ann, ní raibh feidhm a thuilleadh ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe. Dá bhrí sin, i gcomhaontú leis an Túinéis, baineadh gach tagairt don Ríocht Aontaithe sa téacs inisealacha agus cuireadh clásal críochach caighdeánach isteach.

2021/0080 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i dteannta Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Nollaig 2008, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le hidirbheartaíocht le Poblacht na Túinéise maidir le Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile. Tugadh an idirbheartaíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 11 Nollaig 2017;

(2) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí;

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá sé údaraithe leis seo Comhaontú maidir le hAeriompar idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, an Comhaontú Eora-Mheánmhara Eitlíochta a shíniú, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Bunóidh Ardrúnaíocht na Comhairle an ionstraim lánchumhachtaí i ndáil le síniú an Chomhaontaithe, faoi réir a thabhairt i gcrích, don duine nó do na daoine a shonróidh idirbheartaí an Chomhaontaithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*